# Daingniú Ionadluacha

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – ionadluach<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• obair s'acu a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag úsáid siombailí mar is cuí |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | deich agus aonad, deicheanna agus aonaid, is ionann 17 agus deich amháin agus seacht n-aonad, **luach** na n-uimhreacha, in uimhir 37, tá **luach** 3 dheich ar an 3 agus **luach** 7 n-aonad ar an 7, colún na n-aonad, colún na ndeicheanna |
| **Áiseanna** | abacais, bileoga oibre na n-abacas, Cearnóg 100, coirníní, Ábhair Bhonn 10 |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Cuireann an múinteoir ceist ar dhaltaí *'Cén chiall atá leis na digití in uimhir, m.sh. 17?'* An dtiocfadh leat é seo a thaispeáint dom ar abacas nó ar Bhonn 10?
Cad é a tharlaíonn má aisiompaíonn tú na digití? Taispeáin é seo ar an abacas/Ábhair Bhonn 10. Amharc ar an dá uimhir ar an Chearnóg 100. Cad é a thugann tú faoi deara?

Déan arís é le samplaí eile.

### 2 Gníomhaíocht 2

Ar Abacas simplí ina bhfuil 2 líne cheartingearacha ann, ceann amháin a sheasann do Dheicheanna agus ceann eile d'Aonaid, is féidir 1 choirnín a chur ar spíce ar bith le 1 deich nó 1 aonad a léiriú. Ansin, is féidir 2 choirnín a chur mar 02, 20, 11. Fiosraigh na huimhreacha difriúla is féidir a chruthú ag úsáid líon difriúil coirníní. Déan iad seo a thaifeadadh faoi gach abacas.


## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na huimhreacha a bhí tú ábalta a dhéanamh ar an abacas leis na coirníní?<br>• Cén 2 uimhir a thig leis na digití 6 agus 2 a dhéanamh?<br>• Cén difear a dhéanann aisiompú na ndigití do luach na huimhreach? | • Cad é a thug tú faoi deara nuair a bhí líon difriúil coirníní agat? |

## Difreáil

Is féidir líon na coiríní curtha ar an abacas a athrú de réir aoise nó ábaltachta.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Abacais



## An Chearnóg 100

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 |
| 31 | 32 | 33 | 34 | 35 | 36 | 37 | 38 | 39 | 40 |
| 41 | 42 | 43 | 44 | 45 | 45 | 47 | 48 | 49 | 50 |
| 51 | 52 | 53 | 54 | 55 | 56 | 57 | 58 | 59 | 60 |
| 61 | 62 | 63 | 64 | 65 | 66 | 67 | 68 | 69 | 70 |
| 71 | 72 | 73 | 74 | 75 | 76 | 77 | 78 | 79 | 80 |
| 81 | 82 | 83 | 84 | 85 | 86 | 87 | 88 | 89 | 90 |
| 91 | 92 | 93 | 94 | 95 | 96 | 97 | 98 | 99 | 100 |